

Scoileanna Ildánacha 2019

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spríodhata: 5.30pm, Déardaoin, 21 Márta 2019

Scoileanna Ildánacha: seicliosta don iarratas

Úsáid na seicliostaí thíos chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas ar Scoileanna Ildánacha comhlánaithe go hiomlán.

Míreanna atá éigeantach i gcás gach iarratais (seiceáil gach ceann de na míreanna seo)

Tá na codanna uile den fhoirm iarratais a bhaineann lenár n-iarratas líonta againn.

An dara tuairim (seiceáil an mhír seo)

Rinne beirt eile ar a laghad ár n-iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie
- Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid ar fáil sa rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon ag: <http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/>
- Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: <http://www.youtube.com/artscouncildemos>
- Má tá cabhair uait maidir leis an méid atá i d'iarratas, cuir glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar 01 6180200 nó cuir ríomhphost chugainn ag awards@artscouncil.ie
- Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine atá faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le Adrienne Martin, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01-6180219) nó trí ríomhphost (adrienne.martin@artscouncil.ie) trí seachtaine ar a laghad roimh ré.

1. Eolas faoi Scoileanna Ildánacha

1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.

Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:

5.30pm, Déardaoin, 21 Márta 2019

1.2 Cuspóirí agus tosaíochtaí Scoileanna Ildánacha

Tá sé mar aidhm ag Scoileanna Ildánacha na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na leanaí agus na ndaoine óga. Is tionscnamh é ina dtacófar le scoileanna a bplean féin dá Scoil Ildánach a fhorbairt agus tosú á chur i bhfeidhm.

Déanfaidh na scoileanna rannpháirteacha a bplé leis na healaíona a thuiscint, a fhorbairt agus a cheiliúradh. Mar thoradh air sin, beidh siad in ann an dóigh a n-oibríonn siad a athrú ar mhórán bealaí. Bainfidh siad sochar as an réimse acmhainní ina scoil agus ina bpobal i gcoitinne; déanfaidh siad bealaí nua oibre a fhorbairt a neartóidh an tionchar atá ag an gcruthaitheacht ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar leas na scoláirí. Cinnteoidh scoileanna go mbeidh ról lárnach ag leanaí agus daoine óga sa phróiseas seo ag úsáid Samhail Lundy mar dheachleachtas.

Tabharfar deis do scoileanna a bheidh rannpháirteach sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha taithí na scoile agus an fhoghlaim a rinneadh a roinnt le líonraí agus comhpháirtíochtaí ina bhfuil an scoil páirteach cheana agus le scoileanna eile, lucht déanta polasaithe agus an pobal i gcoitinne.

Tacófar le scoileanna gnéithe den Phlean dod' Scoil Ildánach a dhearadh, a thabhairt chun críche agus tuairisciú a dhéanamh orthu le linn na scoilbhliana 2019-20. Mar sin féin, beifear ag súil go bhforbrófar pleananna indéanta le go mbeifear in ann é a chur chun feidhme ón mbliain 2019–2020 amach agus ar an gcoinníoll go mbeidh an maoiniú ar fáil, táthar go súil go bhfaighidh scoileanna rathúla pacáiste tacaíochta mar an gcéanna i scoilbhliain 2020-2021.

Tionscnamh suaitheanta is ea Scoileanna Ildánacha den chlár *Óige Ildánach – Plean le Scód a Ligean le Cumas na Cruthaitheachta i nGach Leanbh agus i nGach Duine Óg* a foilsíodh i mí na Nollag 2017 mar chuid den chlár Éire Ildánach. Is é is aidhm don phlean ealaín, ceol, dráma agus códú a theagasc do gach leanbh faoin mbliain 2022 mar aon le taithí agus deis rannpháirtíochta a chur ar fáil dóibh ar bhonn praiticiúil. Cuid amháin de réimse leathan beart a socraíodh mar chuid de *An Óige Ildánach* is ea an tionscnamh Scoileanna Ildánacha, lena dtabharfar aidhmeanna an phlean chun críche.

Úsáideadh eolas sa tionscnamh a bhaineann leis an gCairt um na hEalaíona san Oideachas lenar cuireadh de cheangal ar an gComhairle Ealaíon scéim náisiúnta a bhunú ar ar tugadh ARÍS – Scoileanna Láidir sna hEalaíona. Scoileanna Ildánacha is ea an chéad chéim a tógadh chun an gealltanais seo a chur i gcrích. Úsáideadh straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (féach anseo:

http://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/Saothar_Ealaine_Iontach_A_Thairgeadh.pdf) mar bhonn don tionscnamh.

Tá Scoileanna Ildánacha faoi threoir na Comhairle Ealaíon i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

I gcomhréir leis an Dualgas ar an Earnáil Phoiblí ó Thaobh Comhionannais agus Cearta an Duine de, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chomhionannas agus deiseanna a chur chun cinn do gach duine atá lonnaithe in Éirinn, gan difear ar bhonn inscne, claonadh gnéis, stádas sibhialta nó teaghlai, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon san áireamh an cúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile comhionannais deiseanna.

Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear na tréithe thuasluaite, ach níl siad teoranta dóibh sin.

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá gach bunscoil agus iar-bhunscoil - de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna mar aon le hionaid Ógtheagmhála nach raibh páirteach i mbabhta de Scoileanna Ildánacha roimhe seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

Ní mór múinteoir teagmhála a ainmniú. Beidh an múinteoir sin ina Chomhordaitheoir Scoile ar rannpháirtíocht i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha má éiríonn leis an iarratas. Is leis an duine seo a dhéanfar teagmháil maidir leis an iarratas. Moltar, más féidir, go mbeadh an duine sin ag oibriú sa scoil le dhá bhliain ar a laghad. Ní mór do scoileanna an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach roimh an spríodhata.

Grúpa nó eagraíocht a chlárú

Ní mór do scoileanna clárú leis an gComhairle Ealaíon mar ghrúpa nó mar eagraíocht (seachas mar dhuine aonair) sula ndéantar an t-iarratas (féach cuid **2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon**). Níl ort clárú arís má tá do scoil cláraithe le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon cheana féin, agus ba cheart duit do ARN a úsáid ar an iarratas. **Má tá tú ag clárú den chéad uair, déan cinnte go bhfuil ainm do scoile mar an gcéanna leis an ainm a úsáidtear ar do chuntas bainc (féach ‘Cé hé an t-iarratasóir?’ thíos chun tuilleadh sonraí a fháil).**

Cé hé an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an scoil a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha an deontais sin a ghlacadh. **Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm na scoile.**

Ní mór na doiciméid go léir a chuirfear ar fáil a bheith in ainm na scoile – e.g. **má dhéantar iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Newtown National School, ní mór go mbeadh an t-ainm sin ar na doiciméid ar fad a leagtar isteach, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach. Ní ghlacfar le leaganacha malartacha amhail Newtown Primary.**

Toisc go mbaineann d’iarratas le leanaí agus le daoine óga faoi ocht mbliana déag d’aois, beidh ort, mar choinníoll maoinithe (má éiríonn le d’iarratas) a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat. Tá tuilleadh eolais ar www.tusla.ie.

Tabhair faoi deara: ní féidir le gach scoil ach iarratas amháin a dhéanamh in 2019.

1.4 Cé nach bhfuil incháilithe chun iarratas a dhéanamh?

Níl scoileanna nach bhfaigheann deontais chaipitíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna/Boird Oideachais agus Oiliúna agus nach bhfuil páirteach sa scéim saoroideachais agus/nó scoileanna nó ionaid a ghlac páirt i mbabhta de Scoileanna Ildánacha roimhe seo incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

1.5 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh lena aghaidh?

Gheobhaidh na scoileanna a roghnófar chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh pólótach an méid seo a leanas:

- Cuirfear lá oiliúna/traenála ar fáil do Chomhordaitheoir na Scoileanna Ildánacha agus do bheirt ionadaithe scoile eile. Ar an lá sin, buailfidh siad le comhordaitheoirí ó scoileanna eile a bheidh páirteach agus le foireann Scoileanna Ildánacha. Íocfar as ionadú ionas go mbeidh sé níos éasca ag Comhordaitheoir na Scoileanna Ildánacha freastal.
- Tabharfar Comhlach Cruthaitheach do na scoileanna a chuirfidh tacaíocht ar fáil don scoil oiread agus naoi lá ar a mhéad le linn na scoilbhliana 2019–20. Beidh solúbthacht ag an scoil maidir leis an gcaoi ar mian léi an t-am agus na laethanta seo a chaitheamh, i gcomhar leis an gcomhlach cruthaitheach. Cuirfidh an comhlach cruthaitheach tacaíocht ar fáil don scoil chun Plean Ildánach don Scoil a fhorbairt agus cabhróidh sé le nasc a chruthú agus a fhorbairt idir scoileanna agus ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíne agus eagraíochtaí cultúir ar bhonn áitiúil agus/nó ar bhonn náisiúnta. Má tá plean ag an scoil cheana ina gcuimsítear gníomhaíochtaí ealaíne, cultúrtha agus cruthaitheacha, cabhróidh an Comhlach Cruthaitheach leis an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna sin agus iad a fhorbairt tuilleadh. Chomh maith leis sin, beidh scoileanna in ann deontas €2,000 a fháil chun an plean atá acu a chur chun feidhme sa bhliain 2019–20.

Scoileanna Ildánacha Treoirínite d'Iarratasóirí

- Ach maoiniú a bheith ann, táthar go súil go bhfaighidh scoileanna rathúla pacáiste tacaíochta mar an gcéanna mar Scoil Ildánach i scoilbhliain 2020-21.

Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar dheontas aonuaire ar fiú €2,000 é don scoilbhliain 2019–20. Táthar go súil go bhfaighidh scoileanna rathúla pacáiste tacaíochta mar an gcéanna i scoilbhliain 2020-21.

2. D'iarratas a dhéanamh

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (tríd an bpost, ar fhacs nó ar an ríomhphost).

Ní mór duit cuntas Seirbhísí ar Líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh. Má tá cuntas ag do scoil cheana féin toisc gur chláraigh tú in 2018 nuair a seoladh an clár píolótach do Scoileanna Ildánacha, nó roimhe sin i gcomhair maoiníú eile, ba cheart duit an cuntas seo a úsáid.

Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: <https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge>.

Laistigh de **chúig lá oibre** seolfar ARN (uimhir thagartha) uathúil agus pasfhocal chuig an scoil (i ríomhphost), agus beifear in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

Ríomhaire	Windows 7 nó níos déanaí le Internet Explorer 8.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 33 nó níos déanaí
Mac	Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó Safari 10 NÓ Firefox 27 nó níos déanaí NÓ Chrome 32 nó níos déanaí Tabhair faoi deara: Má choisceann Safari 11 uaslódáil cáipéisí, úsáid Firefox nó Chrome.

Tabhair faoi deara: Ní mór duit Microsoft Word nó OpenOffice Writer a bheith ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú. Bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: <http://openoffice.org>.

Má tá OpenOffice á úsáid agat, ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos túisce a úsáid

Nuair a úsáideadh leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer ná 4.0.1 bhí fadhbanna leis an gcuma a bhí ar na foirmeacha iarratais nuair a cuireadh isteach trí na Seirbhísí ar Líne iad.

Féach ar fhíseán na Comhairle Ealaíon *Ag úsáid OpenOffice chun an fhoirm iarratais a íoslódáil, a líonadh isteach agus a uaslódáil* ag <https://www.youtube.com/user/ArtsCouncilDemos>.

Ba chóir d'úsáideoirí Apple Mac aird a thabhairt ar an gcuid a phléann leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar Apple Mac a bhfuil na leaganacha is déanaí de Mac OS suiteáilte orthu.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spríodhata. Fág do dhóthain ama agat féin chun an fhoirm iarratais a chomhlánú

Ba chóir duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spríodhata agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spríodhata. Ba chóir duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spríodhata.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má tá tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spríodhata. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileáilimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Cuimhnigh go ndéantar a lán glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofaí glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar **ar an spriocdháta**.

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais le haghaidh Scoileanna Ildánacha. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir leis na cúiseanna ar chóir an scoil a roghnú chun páirt a ghlacadh i Scoileanna Ildánacha, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar an méid a chuirfear sna codanna seo a leanas den fhoirm iarratais:

Ní mór go sásódh an t-iarratas gach ceann de na critéir mheasúnaithe – féach cuid **3.3 Critéir chun iarratais a mheas**

Moltar buanna na scoile a lua sna codanna éagsúla chomh maith leis na gnéithe arbh fhéidir feabhas a chur orthu.

2.1 Réasúnaíocht don iarratas	Déan achoimre ar na cúiseanna ar mhaith leat páirt a ghlacadh sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha (trí phointe ghairide ar a mhéad). Nóta: má éiríonn leis an iarratas, d'fhéadfadh sé go bhfoilseofar an achoimre seo ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon nó ar shuíomh gréasáin a gcomhpháirtithe nó in ábhar eile a fhoilseofar i dtaca leis an tionscnamh. Ar an ábhar sin, ba cheart duit a mheabhú go bhféadfadh níos mó daoine ná na measúnóirí an méid a scríobhann tú a léamh.
2.2 Sonraí faoin iarratas	Buntáistí don fhoghlaim agus don fhorbairt: cuid lárnach den iarratas is ea an méid a scríobhtar anseo agus ba chóir go gcabhródh sé leis na daoine a bheidh i mbun measúnú ar d'iarratas tuiscint a fháil ar an gcaoi a chuirfidh rannpháirtíocht na scoile i dtionscnamh Scoileanna Ildánacha le foghlaim agus forbairt na scoláirí sna healaíona agus sa chruthaitheacht. Ba cheart a lua cén chaoi a bhfuil tú ag súil leis na healaíona agus an chruthaitheacht a fhorbairt i do scoil ó do phointe tosaigh reatha, cén bhaint atá aige seo le réimsí an churaclaim agus conas a bhaineann sé le do thosaíochtaí i leith fhorbairt na scoile, agus aon fhaisnéis eile a shíleann tú atá suntasach. Tabhair faoi deara: ní gá tograí i gcomhair tionscadal nó gníomhaíochtaí ar leith a chur isteach mar déanfaidh iarrthóirí rathúla iad seo a fhorbairt mar chuid dá bPlean do Scoil Ildánach i gcomhpháirt lena gComhlach Cruthaitheach.
2.3 Acmhainneacht don rannpháirtíocht	Léireofar leis an méid a scríobhtar sa chuid seo cumas na scoile páirt iomlán a ghlacadh sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a spreagfaí pobal na scoile chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha, conas a bheartaíonn tú am agus acmhainní a thabhairt d'fhorbairt, chur i bhfeidhm agus mheasúnú an Phlean dod' Scoil Ildánach agus conas a chinnteoidh tú go mbeidh dóthain ama ag do Chomhordaitheoir Scoile oibriú leis an gComhlach Cruthaitheach (tabhair faoi deara: ní chuirfear íocaíocht ar fáil d'ionadú chuige seo).
2.4 Tuairim na leanaí agus na ndaoine óga	Déan cur síos ar an gcaoi a gcinnteoidh tú go mbeidh tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga i gcroílár do chuid oibre mar Scoil Ildánach, lena n-áirítear forbairt, cur i bhfeidhm agus measúnú an Phlean dod' Scoil Ildánach. Ba chóir go n-áireofaí do thiomantas go mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach i ngach céim den phróiseas.
3 1. Cé mhéad atá á lorg agat ón gComhairle Ealaíon?	Cinntigh go n-iarrtar €2,000 glan sa chuid seo.

2.3 D'iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

1: Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil an fhoirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

2. Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonrúidh tú an maoiniú atá uait, is é sin €2,000.

3. Uaslódáil foirm iarratais

Lean na leideanna chun an fhoirm atá comhlánaithe agus sábháilte a uaslódáil. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

4. Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an t-iarratas uaslódáilte agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba chóir a bheith ag súil le dhá ríomhphost a fháil. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhainfidh leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie mura bhfaigheann tú an dara ríomhphost deimhnithe a mbeidh an uimhir iarratais ann.

3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

- 1 Déantar an t-iarratas a admháil.
- 2 Seiceáiltear cáilitheacht an iarratais – cuirtear gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe.
- 3 Déanfaidh foireann Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(i) ón gComhairle Ealaíon agus/nó an fhoireann measúnú ar na hiarratais agus déanfar iad a scóráil.
- 4 Molfaidh foireann Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(i) na Comhairle Ealaíon agus/nó an fhoireann ar chóir iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár chóir bunaithe ar an scór a fhaigheann sé.
- 5 Déanann foireann na Scoileanna Ildánacha, comhairleoir(i) agus/nó foireann na Comhairle Ealaíon athbhreithniú ar gach uile iarratas atá ar an ngearrliosta le cinntiú go léirítear raon leathan scoileanna ann agus chun moladh a dhéanamh i leith na n-iarratas rathúil agus mírathúil.
- 6 Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann siad cinntí
- 7 Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn.
- 8 Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí.

Achar ama

Déanann an Chomhairle Ealaíon dianiarracht iarratais a mheasúnú chomh luath agus is féidir ach mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, tógfaidh sé suas le deich seachtaine ón spriocdháta go dtí go ndéanfar an cinneadh.

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Tuigtear go dtosóidh scoileanna ar an aistear cruthaitheachta seo ó thúsphointí éagsúla. Déanfar scoileanna a mheas maidir leis na critéir seo thíos.

1. An tairbhe don fhoghlaim agus don fhorbairt (cuid 2.1 agus 2.2 de d'fhoirm iarratais)

Áirítear sa chuid seo cén fáth ar mhaith leat a bheith i do Scoil Ildánach agus an chaoi a chuirfidh rannpháirtíocht sa tionscnamh le foghlaim agus le forbairt scoláirí na scoile maidir leis na healaíona, an chruthaitheacht agus an curaclam agus an chaoi a gcuirfidh sí leis an scoil a fhorbairt.

2. Acmhainneacht don rannpháirtíocht (cuid 2.3 de d'iarratas)

Áirítear sa chuid seo a thiomanta agus atá foireann bhainistíochta na scoile do na healaíona agus don chruthaitheacht a fhorbairt sa scoil; toilteanas am agus acmhainní a chur ar leataobh don tionscnamh; agus tacaíocht a thabhairt do na baill foirne a ghlacfaidh páirt sa tionscnamh mar chuid den phost atá acu cheana féin.

3. Tuairim na leanaí agus na ndaoine óga (cuid 2.4 de d'fhoirm iarratais)

Áirítear leis seo a mhéad a léirítear tiomantas soiléir san iarratas le cinntiú go mbeidh tuairim na leanaí agus na ndaoine óga i gcróilár obair na scoile mar Scoil Ildánach agus i bhforbairt, cur i bhfeidhm agus measúnú phlean na Scoile Ildánaí.

4. Réimse na scoileanna

Déanfar iarracht sa tionscnamh Scoileanna Ildánacha, nuair is féidir, tacú le réimse leathan scoileanna. Táthar ag súil go roghnófar 150 scoil go náisiúnta ó réigiúin éagsúla ar fud na hÉireann. Féachfaidh an fhoireann mheasúnaithe le raon leathan scoileanna a chur san áireamh, ag cinntiú, a mhéid is féidir, go léirítear gach cineál scoil/láthair incháilithe.

3.4 Próiseas scórála

Tá córas scórála ag an gComhairle Ealaíon le haghaidh na n-iarratas ar Scoileanna Ildánacha. Tá sé beartaithe leis an gcóras seo soiléireacht a chur ar fáil d'iarratasóirí i gcomhthéacs an dóigh a ndéantar a n-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéar.

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais ag baint úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh curtha ar fáil san iarratas, ar a n-eolas faoi chóras oideachais na hÉireann, faoi thírdhreach na n-ealaíon agus na foghlama cruthaithí i gcoitinne, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Déanfar gach iarratas incháilithe a scóráil i gcoinne na gcéad trí chritéar measúnaithe ag úsáid na scór seo a leanas:

Scór uimhriúil	Luach focal	Míniú
0	Ní chomhlíonann	Dar leis an measúnóir nár cuireadh aon fhianaise ar fáil san iarratas agus nach gcomhlíonann sé na critéir.
1	Tá féidearthacht ann go gcomhlíonann sé	Dar leis an measúnóir go bhfuil féidearthacht ag baint leis an iarratas ach nach gcomhlíonann sé na critéir.
2	Comhlíonann na critéir go sásúil	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh gnéithe áirithe de na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas sásúil.
3	Comhlíonann na critéir go maith	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas maith.
4	Comhlíonann na critéir go sármhaith	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas sármhaith.
5	Comhlíonann na critéir go heisceachtúil	Dar leis an measúnóir gur comhlíonadh na critéir san iarratas agus breathnaítear air mar iarratas eisceachtúil. Bainfead úsáid as an scór seo go spárálach.

Déantar na hiarratais a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne chritéir 1, 2 agus 3, ansin déantar iad a rangú go náisiúnta de réir scóir.

Critéar 4: réimse na scoileanna

Táthar ag súil go roghnófar 150 scoil go náisiúnta ó réigiúin éagsúla ar fud na hÉireann. Féachfaidh an fhoireann mheasúnaithe le raon leathan scoileanna a chur san áireamh, ag cinntiú, a mhéid is féidir, go léirítear gach

cineál scoil/láthair incháilithe go cuí. Bainfear é seo amach trí scór breise 5 phointe a bhronnadh ar iarratais i leith chritéar 4.

Tugtar scóir i leith chritéar 4 do scoileanna DEIS, do Ghaelscoileanna, d'ionaid Ógtheagmhála agus do scoileanna speisialta i dtosach, ag tosú leis an iarratas a fuair an scór is airde, le cinntiú go léirítear na cineálacha scoileanna/láithreacha seo go cuí.

Cuirtear na hiarratais i ngrúpaí de réir réigiúin ansin agus déanfar iad a rangú de réir a scór.

Déantar athbhreithniú ar na hiarratais i ngach réigiún ansin, agus le cinntiú, a mhéid is féidir, go léirítear gach cineál scoil/láthair incháilithe go cuí ar bhonn réigiúnach, d'fhéadfaí scór breise 5 phointe a bhronnadh i leith chritéar 4 ar iarratais áirithe (tabhair faoi deara: ní féidir le hiarratas an scór breise seo a fháil ach uair amháin). Ní bhronntar aon scóir bhreise de 5 phointe nuair a bhaintear cothromaíocht maidir le scoileanna/láithreacha amach go réigiúnach.

0	Baineadh cothromaíocht amach maidir le raon na scoileanna
5	Tacaíonn an t-iarratas le cothromaíocht ó thaobh raon na scoileanna

Is é 20/20 an scór is airde is féidir le scoil a fháil ag cur na ceithre chritéar san áireamh.

Déantar na hiarratais a rangú i ndiaidh an phróisis measúnuithe agus scórála agus moltar cibé ar cheart é a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.

Déanfar na iarratais uile a athbhreithniú ansin de réir réigiúin agus molfar iad mar iarratas rathúil nó mírathúil.

3.5 An cruinniú cinnteoireachta

Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar agus déanann siad cinntí

Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór d'fhoireann na Scoileanna Ildánacha, do chomhairleoir(i) na Comhairle Ealaíon agus/nó don fhoireann atá ag athbhreithniú/ag measúnú na n-iarratas agus ag déanamh cinntí leas a dhearbhu má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith le hiarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.).

Ní mór an leas a dhearbhu a luaithe agus is eol d'fhoireann na Scoileanna Ildánacha, don (do na) chomhairleoir (comhairleoirí) na Comhairle Ealaíon agus/nó do bhaill foirne faoi. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an duine sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú.

3.6 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn leis an iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrú ar an tacaíocht a chuirfear ar fáil lena n-áirítear an maoiniú mar aon le téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Tabharfar eolas ar conas na hicoíochtaí a fháil. Má ghlacfar leis an tairiscint, déanfar comhalta cruthaitheachta a thabhairt don scoil

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éiríonn leis an iarratas, is féidir aiseolas a iarraidh ar fhoireann Scoileanna Ildánacha. Níl aon ghealltanais ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar <http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/> nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.